QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

# Plean Corparáideach 2022

# Clár

01 Réamhrá

02 Misean, Fís agus Luachanna

03 Plean Corparáideach 2022

# Réamhrá

**Is é seo, an naoú plean corparáideach seo a foilsíodh ó bunaíodh an eagraíocht i Samhain 2012, an chéad phlean a chuireann go díreach le tosaíochtaí, cumasóirí agus cuspóirí a leagadh amach inár Ráiteas Straitéise 2022-24.**

Tá raon leathan feidhmeanna reachtacha agus feidhmeanna eile ann maidir le cáilíochtaí agus dearbhú cáilíochta agus léiríonn an Plean Corparáideach an éagsúlacht seo. Tar éis achtú an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú) 2019, bronnadh feidhmeanna breise ar an QQI, ar cuireadh tús le cuid acu in 2019 agus cuid eile a bhfuiltear ag súil go gcuirfear tús leo in 2022. Tá sé de rún ag QQI ár dtosaíochtaí a bhaint amach mar a leanas: faisnéis agus deiseanna níos fearr a sholáthar d’fhoghlaimeoirí, rialáil neartaithe a chur i bhfeidhm chun foghlaimeoirí a chosaint, forbairt soláthraithe a thiomáint agus a spreagadh, agus anailís agus léargas údarásach a fhoilsiú ag baint úsáid as na príomhchumasóirí a bhaineann le comhpháirtíochtaí straitéiseacha a neartú chun athrú agus tógáil córais a chur i bhfeidhm agus sármhaitheas eagraíochtúil a bhaint amach. Táimid ag tnúth le bheith ag obair i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara i dtreo seachadadh rathúil na ngníomhaíochtaí atá sa Phlean Corparáideach 2022 agus ar sheachadadh na dtosaíochtaí agus na gcuspóirí atá inár Ráiteas Straitéise 2022-24.

# Fís, Misean agus Luachanna

## ÁR BHFÍS

Táimid tiomanta d'fhís d'Éirinn ina dtairgtear deiseanna éagsúla breisoideachais agus ardoideachais d'ardchaighdeán, a chuireann ar chumas foghlaimeoirí a lánacmhainneacht a bhaint amach trí cháilíochtaí a bhfuil luach orthu go forleathan sa bhaile agus i gcéin a bhaint amach

## ÁR MISEAN

Táimid tiomanta d'fhís d'Éirinn ina dtairgtear deiseanna éagsúla breisoideachais agus ardoideachais d'ardchaighdeán, a chuireann ar chumas foghlaimeoirí a lánacmhainneacht a bhaint amach trí cháilíochtaí a bhfuil luach orthu go forleathan sa bhaile agus i gcéin a bhaint amach. Cothaímid muinín an phobail as cáilíocht, ionracas agus dea-cháil soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais na hÉireann agus soláthraímid faisnéis údarásach ar an raon éagsúil cáilíochtaí atá san áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

## ÁR LUACHANNA

Bunaímid ár gcur chuige i leith ár gcuid oibre féin agus an tslí a oibrímid lenár ngeallsealbhóirí ar luachanna soiléire. Creidimid go bhfuil freagracht i bpáirt againn le grúpaí eile chun muinín i gcáilíocht an oideachais agus na hoiliúna agus feabhsúchán leanúnach iontu a chinntiú. Creidimid gur fearr ár dtosaíohtaí agus ár gcuspóirí a bhaint amach trí chomhoibriú agus oibriú go cuiditheach lenár gcomhpháirtithe agus soláthraithe éagsúla.

Is mór againn comhpháirtíochtaí ar mhaithe le leas frithpháirteach. Geallaimid meas a léiriú ar oibiachtúlacht, trédhearcacht agus inbhuanaitheacht inár gcuid oibre. Is é sin an bonn lenár gcinnteoireacht agus lenár mbeartais, gnásanna agus gníomhaíochtaí. Bunaítear iad ar fhianaise, agus ar dhea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus seoltar iad ar shlí atá trédhearcach agus go gcothaíonn siad muinín. Geallaimid difríocht a dhéanamh dár gcomhpháirtithe, dár soláthraithe agus dár bpobail.

Is mór againn an fhaisnéis, an léargas agus an tionchar -- an tslí a gcomhlíontar spriocanna agus cuspóirí as a leanann tionchar dearfach substaintiúil ar ár dtimpeallacht oibre. Is eagraíocht muid atá ag foghlaim. Táimid tiomanta don nuáil agus don bharrmhaitheas.

# Plean Corparáideach 2022

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise an QQI 2022-24, tosaíochtaí agus cuspóirí na heagraíochta atá riachtanach chun muinín a fheabhsú i gcáilíocht oideachas agus oiliúint na hÉireann, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, agus na táscairí a ndéanfaimid ár dtionchar a thomhas i gcomparáid leo. Díríonn na tosaíochtaí seo ar #faisnéis; #cosaint, #forbairt agus #tionchar a baineadh amach trí phríomhchumasóirí na #comhpháirtíochta agus na #sármhaitheasa. Aithnítear inár bPlean Corparáideach 2022 na gníomhaíochtaí a chuirfear i gcrích i mbliana a chabhróidh linn ár dtosaíochtaí straitéiseacha a chomhlíonadh.

# Tosaíocht Straitéiseach 1

| | Tosaíocht Straitéiseach 1 | Gníomhaíocht Oibre | Tús Pleanáilte | Ráithe Sprice |
|---|---|---|---|---|
| | **#faisnéis - faisnéis agus deiseanna níos fearr d'fhoghlaimeoirí** | | | |
| **1.1** | **Cuirfimid faisnéis ar ardchaighdeán ar fáil do lucht fágála na scoile agus dóibh siúd go léir atá ag lorg deiseanna foghlama ar bhealaí forchéimnithe ar fud agus idir institiúidí éagsúla sa bhreisoideachas agus san ardoideachas trí uasghrádú a dhéanamh ar ardáin agus ar sheirbhísí faisnéise cáilíochtaí QQI** | Cuirfear tús le láithreán nua Qualifax a fhorbairt agus eiseofar Iarratas ar Thairiscintí ina léireofar an raon feidhme agus na riachtanais theicniúla. | R1 | R1 |
| | | Déanfar CNC, IRQ agus QDR nuashonraithe a chur chun cinn go díreach leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann mar acmhainn thábhachtach faisnéise ar dheiseanna cáilíochtaí agus foghlama. Úsáidfear meáin ar nós an QT, na meáin shóisialta, imeachtaí agus post díreach. | R1 | R4 |
| **1.2** | **Déanfaimid ár gcion chun a chinntiú gur féidir le foghlaimeoirí a lánacmhainneacht a bhaint amach laistigh den chóras breisoideachais agus ardoideachais trí mheas a dhéanamh ar cibé an gcloíonn soláthraithe le cur chuige náisiúnta i leith rochtana, aistriú agus dul chun cinn agus an dtugtar an t-aitheantas cuí don réamhfhoghlaim.** | Oibreoimid le príomhpháirtithe leasmhara BOO agus AO ar fhorbairtí reatha i smaointeoireacht, cleachtas agus cur i bhfeidhm an Aitheantais d'Fhoghlaim Roimhe Seo, lena n-áirítear an tionscadal HCI do chreat náisiúnta RPL san ardoideachas. | R1 | R4 |
| | | Tógfaimid ar ár gcaidreamh le geallsealbhóirí BOO agus AO, agus rannpháirtíocht idirnáisiúnta, chun raon feidhme doiciméid a leagan amach agus an doiciméad a fhoilsiú, ina leagfar amach cur chuige náisiúnta i leith RPL san oideachas tríú leibhéal. | R1 | R4 |
| | | I gcomhar le SOLAS, agus chun tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise Litearthachta d'Aosaigh, déanfar treoirscéim agus úsáid na ndréachtchaighdeáin ghinearálta nua L1-L4 a chur chun cinn i measc soláthraithe lena n-áirítear laistigh den earnáil Phobail agus Dheonach. | R1 | R4 |
| | | Athbhreithniú ardleibhéil a choimisiúnú ar threochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta in Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú, agus ar sholáthairtí & comhthéacs reatha QQI le moltaí don todhchaí | R1 | R3 |

| | Tosaíocht Straitéiseach 1 | Gníomhaíocht Oibre | Tús Pleanáilte | Ráithe Sprice |
|---|---|---|---|---|
| 1.3 | **Feabhsóimid roghanna agus deiseanna foghlaimeoirí trí raon méadaithe cáilíochtaí solúbtha, micrea-dhintiúir ina measc, a áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí** | Cur i bhfeidhm an IRQ a chomhdhlúthú agus naisc le QDR a chothabháil. | R2 | R4 |
| | | Dréachtbheartais & critéir agus treoirlínte a fhorbairt chun Forais Cháiliúcháin Liostaithe a bhunú agus dámhachtainí a áireamh sa Chreat. | R1 | R2 |
| | | Dul i gcomhairle le geallsealbhóirí ar dhréachtbheartais, próisis agus nósanna imeachta maidir le ABanna. | R1 | R3 |
| | | Próiseas a chur i gcrích chun forais cháiliúcháin a liostáil agus a ndámhachtainí a chur san áireamh sa CNC. | R1 | R4 |
| 1.4 | **Déanfaimid ár gcion le cinntiú go gcuirtear ar chumas gach foghlaimeora rochtain a fháil ar cháilíochtaí creidiúnaithe i dtimpeallachtaí foghlama atá oiriúnach dá riachtanais lena n-áirítear san ionad oibre.** | Oibreoidh QQI le tionscnamh Solas um Scileanna chun Dul Chun Cinn chun rochtain ar dhámhachtainí sainchuspóra (micridhintiúir) a éascú d'fhoghlaimeoirí san ionad oibre. | R1 | R4 |
| | | Dul i dteagmháil le geallsealbhóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena chinntiú go bhfuil uirlisí aitheantais, lena n-áirítear an CNC, freagrúil don éileamh ar mhicridhintiúir. | R1 | R4 |
| | | Oibreoidh QQI leis na Boird Oideachais agus Oiliúna chun rochtain leanúnach ar chláir chreidiúnaithe a éascú d'fhoghlaimeoirí in ionaid oideachais pobail ina ndearbhaíonn BOO na cáilíocht na gclár. | R1 | R4 |
| 1.5 | **Beidh ról lárnach againn i gcinntiú go mbeidh rochtain ag foghlaimeoirí ar raon leathan clár nua printíseachta ar ardchaighdeán sa bhreisoideachas agus san ardoideachas.** | | | |

# Tosaíocht Straitéiseach 2

| | Tosaíocht Straitéiseach 2 | Gníomhaíocht Oibre | Ráithe Sprice | Target Quarter |
|---|---|---|---|---|
| | **#protection – implementing strengthened regulation to protect learners** | | | |
| 2.1 | **Cosnóimid foghlaimeoirí trí fheasacht ar ionracas acadúil a chur chun cinn agus a chothabháil agus monatóireacht a dhéanamh orthu siúd atá ag iarraidh an bonn a bhaint de.** | Dul i dteagmháil le soláthraithe agus páirtithe leasmhara chun tús a chur le hobair i dtreo creat rialála a fhorbairt le haghaidh Ionracas Acadúil. Beartas imlíne le dréachtú faoi dheireadh na bliana. | R1 | R4 |
| | | An clár feabhsaithe a leathnú chun dul i dteagmháil le soláthraithe ar Ionracas Acadúil & Mí-iompar Acadúil chuig BOO agus AO (Líonra Náisiúnta Ionracas Acadúil). | R1 | R4 |
| 2.2 | **Déanfaimid measúnú agus monatóireacht láidir ar sholáthraithe príobháideacha maidir lena oiriúnaí atá siad chun dámhachtainí QQI a thairiscint agus slándáil a sholáthar dá bhfoghlaimeoirí trínár maoirseacht ar an gciste reachtúil cosanta d'fhoghlaimeoirí.** | Tacú le rialacháin maidir le rialacháin díchill chuí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm: 1) Painéal comhairleach a bhunú. 2) Dul i dteagmháil le soláthraithe ar dhréachtdoiciméid. 3) Doiciméid a nuashonrú agus a bheachtú. 4) Tús a chur le tógáil eilimint TFC. | R1 | R4 |
| | | Scéim náisiúnta a chur i bhfeidhm chun foghlaimeoirí rollaithe a chosaint. 1) Foirm sonraí a thabhairt chun críche agus aiseolas ón soláthraí a lorg. 2) An fhoirm a eisiúint, anailís a dhéanamh ar na torthaí agus an tsamhail a nuashonrú. 3) Dul chun cinn a dhéanamh ar thógáil TFC 4) Bonneagar rialachais a bhunú chun an ciste a mhaoirsiú. 5) An ciste a chur in iúl. | R1 | R4 |

| | Tosaíocht Straitéiseach 2 | Gníomhaíocht Oibre | Ráithe Sprice | Target Quarter |
|---|---|---|---|---|
| 2.3 | **Cabhróimid chun eispéireas foghlama ar ardchaighdeán a chinntiú d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta tríd an Marc Idirnáisiúnta Oideachais a eisiúint do sholáthraithe ardoideachais agus do sholáthraithe mhúineadh an Bhéarla.** | Clár a bhunú le haghaidh rannpháirtíochta agus cumarsáide le geallsealbhóirí maidir le cóid chleachtais reachtúla a fhorbairt agus a fhoilsiú d'oideachas idirnáisiúnta i Múineadh an Bhéarla (ELE) agus san Ardoideachas (AO). | R1 | R3 |
| | | Cód reachtúil a fhorbairt agus a fhoilsiú don ELE. | R1 | R3 |
| | | Cód cleachtais reachtúil a fhorbairt agus a fhoilsiú don Ardoideachas. | R1 | R3 |
| | | Clár a bhunú le haghaidh rannpháirtíocht agus cumarsáide le geallsealbhóirí maidir le forbairt polasaithe, nósanna imeachta agus brandáil don Mharc Oideachais Idirnáisiúnta. | R1 | R4 |
| | | Beartas agus nósanna imeachta a fhoilsiú chun an Marc Idirnáisiúnta Oideachais a údarú do sholáthraithe mhúineadh an Bhéarla | R1 | R4 |
| | | Beartas agus nósanna imeachta a fhoilsiú maidir le húdarú IEM do sholáthraithe ardoideachais. | R1 | R4 |

# Tosaíocht Straitéiseach 3

| | Tosaíocht Straitéiseach 3 | Gníomhaíocht Oibre | Ráithe Sprice | Target Quarter |
|---|---|---|---|---|
| | **#development - driving and stimulating provider development** | | | |
| 3.1 | **Beidh cainteanna againn le soláthraithe oideachais pobail chun rochtain a chinntiú dá bhfoghlaimeoirí ar cháilíochtaí oideachais agus oiliúna sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí lena n-áirítear trí oibriú i gcomhpháirtíocht le Boird Oideachais agus Oiliúna nuair is cuí.** | Críochnaigh an sceideal ath-rannpháirtíochta do sholáthróirí Pobail agus Deonacha do 2022. Chun spriocdháta an 5 Samhain a chomhlíonadh, iarrtar ar iarratasóirí (73) cur isteach faoi R3. | R1 | R4 |
| | | Straitéis rannpháirtíochta le geallsealbhóirí a fhorbairt chun rannpháirtíocht leis an Earnáil Phobail agus Dheonach a mhéadú. | R1 | R2 |
| 3.2 | **Tacóimid le hacmhainn chun cláir sholúbtha agus nuálacha a fhorbairt agus chun dearbhú cáilíochta láidir a bhaint amach sna Boird Oideachais agus Oiliúna.** | Próiseas comhaontaithe a bhunú chun freagracht a chineachadh chuig na BOOanna meastóireacht cláir roimh bhailíochtú. | R1 | R4 |
| | | Sceideal BOO a chomhaontú le cur isteach le haghaidh athbhailíochtú clár as a dtiocfaidh dámhachtainí CAS. | R1 | R4 |
| | | Tús a chur le hathbhreithniú agus nuashonrú ar chaighdeáin dámhachtana CAS, | R2 | R2 |
| | | Tuarascálacha athbhreithnithe a chríochnú agus a fhoilsiú don chéim dheireanach d'athbhreithnithe BOO. | R2 | R4 |
| | | Téarmaí tagartha a bhunú le haghaidh tuarascála earnála, foireann tuarascála earnála a bhunú, tuarascáil earnála a fhoilsiú ar athbhreithniú tionscnaimh an BOO | R3 | R4 |
| | | Cuirfimid tús le hathbhreithniú ar ár mbeartais chun dámhachtainí a dhéanamh agus caighdeáin a chinneadh. | R3 | R3 |

| | Tosaíocht Straitéiseach 3 | Gníomhaíocht Oibre | Ráithe Sprice | Target Quarter |
|---|---|---|---|---|
| 3.3 | **Déanfaimid measúnú ar éifeachtacht agus leabú an dearbhaithe cáilíochta sna hollscoileanna teicneolaíochta nua atá ag athrú i gcónaí trínár n-athbhreithnithe cáilíochta institiúideacha.** | Nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta (DC) a cheadú maidir le hOllscoileanna Teicneolaíochta (TUnna) nua tar éis a mbunaithe in 2020/21. [MTU R1, TU na Sionainne R4].<br><br>Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht DC na TUnna seanbhunaithe trí Cinnte. Tuarascáil athbhreithnithe do TU Bhaile Átha Cliath foilsithe. | R1 | R4 |
| 3.4 | **Éascóimid neamhspleáchas agus solúbthacht mhéadaithe do sholáthraithe aibí trína chur ar a gcumas údarás tarmligthe a lorg chun a gcuid dámhachtainí féin a bhronnadh.** | Téarmaí tagartha agus lámhleabhar a fhorbairt don timthriall athbhreithnithe príobháideacha ardoideachais, lena n-áirítear tarmligean údaráis de réir mar is cuí. | R1 | R3 |
| 3.5 | **Spreagfaimid ollscoileanna uathrialacha chun a léiriú cé chomh héifeachtach agus atá siad ag faireachán agus ag feabhsú cháilíocht eispéiris an fhoghlaimeora, taighde agus rannpháirtíocht an phobail.** | Leanúint ar aghaidh ag tacú le hobair Fhóram Comhairleach an NFDE (Creat Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta) (feabhsú DC; rannpháirtíocht mac léinn iarchéime, próifíliú gairme agus grúpaí oibre rianaithe gairme). | R1 | R4 |
| | | Leanúint leis an bPróiseas Athbhreithnithe Cinnte. | R1 | R3 |

# Tosaíocht Straitéiseach 4

| | Tosaíocht Straitéiseach 4 | Gníomhaíocht Oibre | Tús Pleanáilte | Ráithe Sprice |
|---|---|---|---|---|
| | **#insight – publishing authoritative analysis and insight** | | | |
| 4.1 | **Déanfaimid anailís ar an gcóras breisoideachais agus ardoideachais chun bonn eolais a chur faoi ailíniú agus comhtháthú níos dlúithe, chun fianaise a sholáthar ar an gcaoi ar féidir leis rogha níos leithne a sholáthar ag pointí trasdula agus bealaí dul chun cinn a chumasú ar fud institiúidí éagsúla agus eatarthu.** | Tuairisc a scaipeadh ar an meastóireacht ar inchomparáideacht fhoriomlán na gcáilíochtaí Sainteastais agus Ardteastais (Leibhéal 6). | R1 | R1 |
| | | Bailigh tuairimí na bpáirtithe leasmhara ar cheisteanna Chéim 2 don tionscadal Leibhéal 6. | R1 | R2 |
| 4.2 | **Déanfaimid anailís agus soláthróimid léargas ar shonraí agus ar threochtaí dámhachtainí QQI chun soláthraithe, lucht déanta beartas, gníomhaireachtaí maoinithe agus straitéisí rialtais a chur ar an eolas** | Taighde agus anailís staitistiúil: clár oibre straitéiseach a fhorbairt agus a sheachadadh. | R1 | R4 |
| 4.3 | **Déanfaimid meastóireacht ar eispéireas na cianfhoghlama agus na foghlama cumaiscthe agus tabharfaimid treoir maidir le measúnú barántúil ar eispéireas agus toradh feabhsaithe d'fhoghlaimeoirí.** | Leanúint leis an obair ar thionscadal chun treoirlínte DC a fhorbairt do chláir ar líne. | R1 | R4 |
| 4.4 | **Tarraingeoimid ar ár líonraí suntasacha idirnáisiúnta piarghníomhaireachtaí chun leanúint ar aghaidh ag cuidiú le comhairliúcháin bheartais náisiúnta agus tionchar a imirt orthu.** | Leanúint ar aghaidh den obair le gníomhaireachtaí, líonraí agus coistí idirnáisiúnta trí MTanna bunaithe agus dea-chleachtas a roinnt. | R1 | R4 |

| | Tosaíocht Straitéiseach 4 | Gníomhaíocht Oibre | Tús Pleanáilte | Ráithe Sprice |
|---|---|---|---|---|
| 4.5 | **Foilseoimid anailísí ar leibhéal an chórais agus óstálfaimid imeachtaí feabhsúcháin lena n-áirítear imeacht mullaigh bliantúil le príomhpháirtithe leasmhara ar phríomhthéama straitéiseach a chuimsíonn cáilíocht agus cáilíochtaí.** | Achoimre ar an Tuarascáil Cáilíochta Bhliantúil a fhoilsiú (Insights on Higher Education). | R2 | R4 |
| | | Comhdháil shuntasach Dearbhú Cáilíochta & Cáilíochtaí a óstáil Deireadh Fómhair 2022. | R1 | R4 |
| | | Páipéar coincheapa a fhorbairt agus a fhoilsiú ar Chóras Cáilíochtaí na hÉireann (IQQF). | R1 | R2 |
| | | Taighde a dhéanamh agus léargais/seasaimh bheartais bhreise ar mheasúnú a fhoilsiú. | R1 | R2 |
| | | Athbhreithniú ar phrintíseachtaí faoi stiúir cuibhreannas in Éirinn. | R1 | R4 |
| 4.6 | **Déanfaimid anailísí ar leibhéal an chórais ar thorthaí athbhreithnithe cáilíochta breisoideachais agus ardoideachais chun bonn eolais a chur faoi chur chuige nuálach i leith dearbhú cáilíochta institiúideach.** | Sceideal oibre a fhoilsiú le haghaidh anailísí téamacha ar ghníomhaíochtaí seachtracha DC. | R2 | R2 |
| | | Imeacht a reáchtáil ar chlár/sraith chreidiúnaithe de thuarascálacha anailíse téamacha. | R2 | R2 |

# Tosaíocht Straitéiseach 5

| | Tosaíocht Straitéiseach 5 | Gníomhaíocht Oibre | Tús Pleanáilte | Ráithe Sprice |
|---|---|---|---|---|
| | **#partnership – strengthening strategic partnerships to effect system change** | | | |
| 5.1 | **Déanfaimid ár ndícheall chun tionchar a imirt ar an mbeartas oideachais agus oiliúna tríd an teagmháil atá againn leis an rialtas, le cisteoirí poiblí, le soláthraithe agus le páirtithe leasmhara eile.** | Tacú le plé agus rannpháirtíocht straitéiseach trí Fhóram Cáilíochta agus Cáilíochtaí na hÉireann (IQQF). | R1 | R4 |
| | | Clár cothrom 10 mbliana QQI a bhunú agus a chur i bhfeidhm don bhliain féilire 2022. | R1 | R4 |
| | | Freagairt do chomhairliúcháin phoiblí ábhartha maidir le hoideachas agus oiliúint. | R1 | R4 |
| | | Tuarascáil a fhoilsiú ar phointí teagmhála idir an earnáil oideachais agus oiliúna agus fostóirí, tionscail, fiontair & gnó; (Clár oibre fiontraíochta & scileanna). Straitéis Rannpháirtíochta Fiontraíochta QQI a nuashonrú. | R1 | R4 |
| | | MT nua a aontú agus a fhoilsiú leis an Údarás um Ard-Oideachas (tar éis reachtaíocht nua ÚAO). | R2 | HEA legislation commenced |
| | | Creat nua Comhairliúcháin le Páirtithe Leasmhara a chur i bhfeidhm. | R1 | R4 |
| 5.2 | **Cabhróimid le meicníochtaí a fhorbairt chun go mbeidh guth éifeachtach ag foghlaimeoirí i gcáilíocht a gcuid oideachais agus oiliúna trínár gcuid oibre le hionadaithe foghlaimeoirí agus comhlachtaí abhcóideachta.** | Leanúint ar aghaidh ag tacú leis an gClár Náisiúnta Rannpháirtíochta Mac Léinn agus an sruth iarchéime nua trí ghrúpa oibre Fhóram Comhairleach an NFDE / modúl Ionracas Acadúil (NStEP) agus studentsurvey.ie. | R1 | R4 |
| | | Tacú le Fóram Náisiúnta Foghlaimeoirí BOO Aontas. (Gníomhaíocht leanúnach é seo ó 2021). | R1 | R4 |
| | | Tacú le Fóram Náisiúnta Foghlaimeoirí BOO Aontas. (Gníomhaíocht leanúnach é seo ó 2021). | R1 | R3 |
| | | Tionscadal a sheoladh chun rannpháirtíocht foghlaimeoirí a athbhreithniú ar fud ghníomhaíochtaí QQI. | | |

| | Tosaíocht Straitéiseach 5 | Gníomhaíocht Oibre | Tús Pleanáilte | Ráithe Sprice |
|---|---|---|---|---|
| 5.3 | **Déanfaimid forbairt acmhainne sna Boird Oideachais agus Oiliúna a spreagadh i gcomhpháirtíocht straitéiseach le húdaráis mhaoinithe, comhlachtaí ionadaithe do sholáthraithe agus páirtithe leasmhara eile.** | Páirt a ghlacadh i ngrúpaí stiúrtha Trasfhoirmiú na Foghlama (straitéis BOO) agus grúpaí oibre tacaíochta. | R1 | R4 |
| 5.4 | **Cabhróimid chun an forluí idir chleachtais meastóireachta clár a laghdú trí oibriú le comhlachtaí rialála gairmiúla agus reachtúla agus le hinstitiúidí ardoideachais.** | An chéad chéim eile den chlár PSRB ' Finding Common Ground' a fhorbairt le PSRB/Institiúidí Ardoideachais. | R1 | R2 |
| | | Leanúint le formhuiniú na bPrionsabal um Chreidiúnú Gairmiúil a chur chun cinn. | R1 | R4 |
| 5.5 | **Leanfaimid orainn de thionchar a imirt agus de chabhrú chun dea-chleachtas i ndearbhú cáilíochta agus i gcáilíochtaí a bhaint amach trínár gcaidrimh straitéiseacha le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta san Eoraip agus ar fud an domhain a dhoimhniú.** | Raon feidhme a oibriú amach i dtreo Páipéar Uaine ar thodhchaí an chórais DC i gcomhar le ENQA agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile. | R1 | R4 |
| | | Páirt a ghlacadh i rialachas gníomhaireachta DC (lena n-áirítear ENQA) agus in athbhreithnithe idirnáisiúnta. | R1 | R4 |
| | | Comhdháil 2022 ENIC/NARIC a óstáil. | R1 | R3 |

# Tosaíocht Straitéiseach 6

| | Tosaíocht Straitéiseach 6 | Gníomhaíocht Oibre | Tús Pleanáilte | Ráithe Sprice |
|---|---|---|---|---|
| | **#excellence – building organisational excellence** | | | |
| **6.1** | **Déanfaimid deiseanna dár ndaoine óga a fhorbairt agus a sholáthar trí iarrachtaí leanúnacha chun lucht saothair lúfar, gafa, freagrúil agus spreagtha a chur le chéile.** | Leanfar de thionscnaimh chun an Marc KeepWell a choimeád on QQI. | R1 | R4 |
| | | Athbhreithniú & nuashonrú a dhéanamh ar chlár cuimsitheach ionduchtaithe do bhaill foirne nua sa timpeallacht oibre hibrideach. | R3 | R4 |
| | | Creat Inniúlachta QQI a fhorbairt. | R1 | R4 |
| | | Clár measctha Oiliúna agus Forbartha a sheachadadh arna threorú ag Creat Inniúlachta QQI, lena n-áirítear Clár Oiliúna Bainistíochta. | R2 | R3 |
| | | Straitéis AD nua a fhorbairt. | R1 | R1 |
| | | Moltaí a rinneadh sa Straitéis Acmhainní Daonna agus ón Suirbhé ar Rannpháirtíocht Foirne a chur i bhfeidhm. | R1 | R4 |
| | | Beartas ardleibhéil a bhunú ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (CSS). | R3 | R4 |
| **6.2** | **Déanfaimid ionad oibre QQI a atheagrú trí TFC a úsáid le haghaidh obair chianda agus obair chumaisc agus inbhuanaitheacht a leabú inár bpróisis oibre.** | Straitéis TFC nua a thabhairt chun críche agus a chur i bhfeidhm de réir an ráitis straitéise nua 2022-2024. | R1 | R4 |
| | | Plean cumarsáide inmheánaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear athfhorbairt ar an inlíon amach anseo). | R2 | R4 |
| | | An chibearshlándáil agus an clár feasachta foirne a ghabhann leis a fheabhsú agus a neartú | R2 | R3 |
| | | Múnla timpeallachta oibre hibrideach a chur i bhfeidhm. | R1 | R4 |
| **6.3** | **Oibreoimid leis an Roinn chun a chinntiú go bhfuil sruthanna ioncaim ag QQI atá cobhsaí, intuartha agus inbhuanaithe.** | Tús a chur le múnla nua maoinithe a thabhairt isteach ag feitheamh ar chomhaontú na Roinne ar mholtaí. | R3 | R4 |
| **6.4** | **Cuirfimid feabhas ar ár seirbhísí do sholáthraithe trí theicneolaíocht féinseirbhíse níos fearr agus trédhearcacht fheabhsaithe maidir lenár dtáillí agus ár muirir.** | Teicneolaíochtaí TFC a uathoibriú agus a úsáid chun feidhmeanna reachtúla nua a sheachadadh. | R2 | R4 |

| | Tosaíocht Straitéiseach 6 | Gníomhaíocht Oibre | Tús Pleanáilte | Ráithe Sprice |
|---|---|---|---|---|
| 6.5 | **Cuirfimid feabhas ar ár seirbhís d'fhoghlaimeoirí tríd ár gcórais deimhniúcháin a athrú go foirm dhigiteach.** | Tús a chur le hathbhreithniú deasc-bhunaithe ar chleachtais deimhnithe digiteacha i bpiar-eagraíochtaí chun eolas a thabhairt do roghanna beartais QQI. | R2 | R2 |
| 6.6 | **Déanfaimid ár luach dár ngeallsealbhóirí a uasmhéadú trí úsáid straitéiseach a bhaint as cumarsáid a bhfuil cuspóir leis agus tionchar aige** | Straitéis nua um Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun ailíniú le Straitéis nua 2022-2024 QQI. | R1 | R4 |
| | | Plean Gníomhaíochta Cairt Chustaiméirí agus Cairt Chustaiméirí a athbhreithniú, a nuashonrú agus a chur i bhfeidhm de réir straitéis nua QQI. | R1 | R4 |
| | | Straitéis Cumarsáide agus plean feidhmithe nua a fhorbairt. | R1 | R4 |
| | | Láithreán gréasáin nua QQI a fhorbairt, a chothabháil agus monatóireacht a dhéanamh air. | R1 | R4 |
| | | Suirbhé rannpháirtíocht geallsealbhóirí a sheoladh. | R1 | R3 |
| 6.7 | **Léireoimid dea-chleachtas maidir lenár rialachas feidhmiúil agus corparáideach de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus ó thaobh cloí le hoibleagáidí ábhartha reachtaíochta agus rialála.** | Leanúint ar aghaidh ag cur i bhfeidhm na dtionscadal Clár Taifead agus Bainistíochta Doiciméad. | R1 | R4 |
| | | An Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCód Cleachtais ar Chothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú a chur i bhfeidhm. | R1 | R4 |
| | | Athbhreithniú iomlán ar bhainistíocht riosca. | R1 | R1 |
| | | Acrainmneacha a úsáidtear sa Phlean Corparáideach | R1 | R2 |

# Acrainmneacha a úsáidtear sa Phlean Corparáideach

| | |
|---|---|
| **CAS** | Common Awards System |
| **CNC** | An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí |
| **ENIC/NARIC** | European Network of Information Centres/National Academic Recognition Information Centres |
| **ENQA** | European Network for Quality Assurance |
| **BOOnna** | Boird Oideachais agus Oiliúna |
| **BOO** | Breisoideachas agus Oiliúint |
| **AO** | Ardoideachas |
| **AD** | Acmhainní Daonna |
| **TFC** | Teicneolaíocha Faisnéise agus Cumarsáide |
| **IEM** | International Education Mark |
| **IQQF** | Irish Quality and Qualifications Forum |
| **IRQ** | Irish Register of Qualifications |
| **MT** | Meabhrán Tuisceana |
| **MTU** | Munster Technological University |
| **NFDE** | National Framework for Doctoral Education |
| **PSRB** | Professional Statutory and Regulatory Bodies |
| **DC** | Dearbhú Cáilíochta |
| **QDR** | Qualification Dataset Register |
| **QT** | Quality Times QQI newsletter |
| **RPL** | Aitheantas d'Fhoghlaim Roimhe Seo |
| **TU** | Ollscoil Teicneolaíochta |

26/27 Denzille Lane
Dublin 2
D02 P266
Ireland

**t** +353 1 905 8100
@QQI_connect
www.QQI.ie